



DÁIL ÉIREANN

Déardaoin, 1 Aibreán, 2010
Thursday, 1st April, 2010

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

Déardaoin, 1 Aibreán, 2010
Thursday, 1st April, 2010

10.30 a.m.

ORD GNÓ
ORDER OF BUSINESS

- 10.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le tionscnamh le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na cearta chun ateangaireacht agus aistriúchán a fháil in imeachtaí coiriúla [*Arna breithniú ag an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan an 31 Márta, 2010*].

Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of an initiative for a Directive of the European Parliament and of the Council on the rights to interpretation and to translation in criminal proceedings [*Considered by the Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights on 31st March, 2010*].

- 22a.** Ráitis maidir le Baincéireacht.
Statements on Banking.
- 22b.** Ráitis maidir leis an Otracht.
Statements on Obesity.

I dtOSACH GNÓ PHOIBLÍ
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Billí a thionscnamh : Initiation of Bills

Tabhairt Isteach:

Introduction:

7a. An Bille um Chaomhnóireacht Leanaí 2010 — An Chéad Chéim.
Guardianship of Children Bill 2010 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do shuíomh chearta an linbh de bhun Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh arna ghlacadh ag Comhthionól na Náisiún Aontaithe an 20 Samhain 1989, do thabhairt éifeacht bhreise don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine arna dhéanamh sa Róimh an 4 Samhain 1950, do leathnú freagrachtaí caomhnóireachta chun cur le leas leanaí agus chun an leas sin a chosaint ar shlí níos fearr gan beann ar stádas pósta a dtuismitheoirí, do shuíomh cheart an linbh ar chomhlúadar bheirt tuismitheoir an linbh, seachas in imthosca dosháraithe, agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to vindicate the rights of the child pursuant to the United Nations Convention on the Rights of the Child adopted by the United Nations General Assembly on 20 November 1989, to give further effect to the European Convention on Human Rights done at Rome on 4 November 1950, to extend guardianship responsibilities for the purposes of enhancing and better protecting the welfare of children irrespective of the marital status of their parents, to vindicate the right of the child to the society of both of the child's parents, absent compelling circumstances, and to provide for related matters.

—Kathleen Lynch.

Fógraí Tairisceana : Notices of Motions

10. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótaicál Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an réimse saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

tionscnamh le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na cearta chun ateangaireacht agus aistriúchán a fháil in imeachtaí coiriúla,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 20 Eanáir, 2010.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

an initiative for a Directive of the European Parliament and of the Council on the rights to interpretation and to translation in criminal proceedings,

a copy of which was laid before Dáil Éireann on 20th January, 2010.”

—An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

**ORDUITHE AN LAE
ORDERS OF THE DAY**

22a. Ráitis maidir le Baincéireacht.
Statements on Banking.

22b. Ráitis maidir leis an Otracht.
Statements on Obesity.

MEMORANDA

*Déardaoin, 1 Aibreán, 2010
Thursday, 1st April, 2010*

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 10 a.m.
Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 10 a.m.

**SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA
DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL**

Reachtúil:

Statutory:

1) An Oifig um Rialú Tobac. Tuarascáil Bhliantúil, 2009.

1) Office of Tobacco Control. Annual Report, 2009.

2) An Oifig um Rialú Tobac. Ráitis Airgeadais, 2008.

2) Office of Tobacco Control. Financial Statements, 2008.

3) An tOrdú fán Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (Feidhmeanna Córais Baincéireachta a Tharmligean) 2010 (I.R. Uimh. 115 de 2010).

3) National Treasury Management Agency Act 1990 (Delegation of Banking System Functions) Order 2010 (S.I. No. 115 of 2010).

4) An Bord Airgeadais Oideachais (Iar-Chónaitheoirí de chuid Foras Áirithe do Leanaí). Tuarascáil Bhliantúil, 2009.

4) Education (Former Residents of Certain Institutions for Children) Finance Board. Annual Report, 2009.

5) Na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí (Comhlachtaí Poiblí Forordaithe, Stiúrthóireachtaí Ainmnithe de chuid Comhlachtaí Poiblí agus Poist Ainmnithe i gComhlachtaí Poiblí) (Leasú) (Uimh. 2) 2010 (I.R. Uimh. 126 de 2010).

5) Ethics in Public Office (Prescribed Public Bodies, Designated Directorships of Public Bodies and Designated Positions in Public Bodies) (Amendment) (No. 2) Regulations 2010 (S.I. No. 126 of 2010).

6) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Conarthaí Údarás Poiblí a Dhámhachtain) (Nósanna Imeachta Athbhreithnithe) 2010 (I.R. Uimh. 130 de 2010).

6) European Communities (Public Authorities' Contracts) (Review Procedures) Regulations 2010 (S.I. No. 130 of 2010).

- | | |
|--|---|
| 7) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Fhóntais do Dhámhachtain Conarthaí) 2010 (I.R. Uimh. 131 de 2010). | 7) European Communities (Award of Contracts by Utility Undertakings) Regulations 2010 (S.I. No. 131 of 2010). |
| 8) An tOrdú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cánacha (Angaile) 2010. | 8) Exchange of Information Relating to Taxes (Anguilla) Order 2010. |
| 9) An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Ghnóchain Chaipitiúla) (Ríocht Bhairéin) 2010. | 9) Double Taxation Relief (Taxes on Income and Capital Gains) (Kingdom of Bahrain) Order 2010. |
| 10) An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Ghnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na Bealarúise) 2010. | 10) Double Taxation Relief (Taxes on Income and on Capital) (Republic of Belarus) Order 2010. |
| 11) An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Ghnóchain Chaipitiúla) (An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) 2010. | 11) Double Taxation Relief (Taxes on Income and Capital Gains) (Bosnia and Herzegovina) Order 2010. |
| 12) An tOrdú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cánacha (Beirmiúda) 2010. | 12) Exchange of Information Relating to Taxes (Bermuda) Order 2010. |
| 13) An tOrdú um an gComhaontú a Bhaineann le Faisnéis faoi Chúrsaí Cánach (Oileáin Cayman) 2010. | 13) Agreement Concerning Information on Tax Matters (Cayman Islands) Order 2010. |
| 14) An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (An tSeoirsia) 2010. | 14) Double Taxation Relief (Taxes on Income) (Georgia) Order 2010. |
| 15) An tOrdú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cúrsaí Cánach (Giobrálta) 2010. | 15) Exchange of Information Relating to Tax Matters (Gibraltar) Order 2010. |
| 16) An tOrdú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cúrsaí Cánach agus Faoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Geansaí) 2010. | 16) Exchange of Information Relating to Tax Matters and Double Taxation Relief (Taxes on Income) (Guernsey) Order 2010. |
| 17) An tOrdú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cúrsaí Cánach agus Faoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Geirsí) 2010. | 17) Exchange of Information Relating to Tax Matters and Double Taxation Relief (Taxes on Income) (Jersey) Order 2010. |
| 18) An tOrdú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cúrsaí Cánach (Prionsacht Lichtinstéin) 2010. | 18) Exchange of Information Relating to Tax Matters (Principality of Liechtenstein) Order 2010. |

19) An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Poblacht na Moldóive) 2010. 19) Double Taxation Relief (Taxes on Income) (Republic of Moldova) Order 2010.

20) Double Taxation Relief (Taxes on Income) (Republic of Serbia) Order 2010. 20) Double Taxation Relief (Taxes on Income) (Republic of Serbia) Order 2010.

21) An tOrdú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cánacha (Oileáin na dTurcach agus Caicos) 2010. 21) Exchange of Information Relating to Taxes (Turks and Caicos Islands) Order 2010.

22) Tuarascáil Bhliantúil maidir le Rannpháirtíocht na hÉireann sa Bhanc Domhanda agus sa Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, 2009. 22) Annual Report of Ireland's Participation in the World Bank and the International Monetary Fund, 2009.

Neamhreachtúil:

Non-Statutory:

1) Tithe an Oireachtas. An Comhchoiste um Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádirtha. An Dara Tuarascáil – An Tuarascáil maidir le Postchóid. Márta, 2010. 1) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Communications, Energy and Natural Resources. Second Report - The Postcodes Report. March, 2010.

2) Páipéar Comhairliúcháin ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le Clostrácht i gCásanna Sibhialta agus Coiriúla (LRC CP 60-2010). 2) Law Reform Commission Consultation Paper on Hearsay in Civil and Criminal Cases (LRC CP 60-2010).

3) Páipéar Comhairliúcháin ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le Seirbhís Ghiúiré (LRC CP 61-2010). 3) Law Reform Commission Consultation Paper on Jury Service (LRC CP 61-2010).